Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9307/23**

**EDUC 161**
**JEUN 86**
**SOC 314**
**EMPL 205**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le céimeanna breise chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san oideachas agus san oiliúint a bhaint amach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Bealtaine 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le céimeanna breise chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san oideachas agus san oiliúint a bhaint amach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

ATHDHEARBHAÍONN sí a tiomantas láidir polaitiúil Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, agus MEABHRAÍTEAR DI an cúlra polaitiúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

CUIREANN SÍ AN MÉID A LEANAS I dTREIS:

1. Le Coinbhinsiún 1997 maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint (Coinbhinsiún um Aitheantas Liospóin) agus a fhothéacsanna, a d’fhorbair Comhairle na hEorpa agus UNESCO, soláthraítear creat dlíthiúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ardoideachais agus do cháilíochtaí in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí a thugann rochtain ar ardoideachas. I réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, tá na Ballstáit tiomanta do Phróiseas Chóbanhávan maidir le comhar feabhsaithe lena gcuirtear muinín fhrithpháirteach, trédhearcacht agus aitheantas cáilíochtaí agus inniúlachtaí chun cinn.

2. Ag cur leis an gcreat dlíthiúil sin, sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear[1], leagtar síos cuspóirí uaillmhianacha agus sainithe go soiléir do na Ballstáit atá le baint amach acu faoi 2025. Go háirithe, mhol an Chomhairle do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– na céimeanna is gá a dhéanamh chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bhaint amach do cháilíochtaí ardoideachais agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear ar leibhéal an ardoideachais;

– dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a thabhairt do cháilíochtaí in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí a thugann rochtain ar ardoideachas agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear san oideachas agus san oiliúint meánscoile uachtaraí.

3. Leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2018 na sainmhínithe ar 'aitheantas frithpháirteach uathoibríoch ar cháilíocht' agus ar 'torthaí tréimhse foghlama thar lear' ar leibhéal an ardoideachais agus ar leibhéal an oideachais agus na hoiliúna meánscoile uachtaraí araon agus tá siad infheidhme go hiomlán maidir leis na conclúidí reatha ón gComhairle.

[1] IO C 444, 10.12.2018, lch. 1.

Á AITHINT DI:

1. Ní féidir an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO) a bhaint amach gan a aithint go bhfuil aitheantas frithpháirteach uathoibríoch do cháilíochtaí agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear ar cheann de na bunchlocha bunúsacha chun soghluaisteacht foghlama a chothú. Nuair nach mbíonn an t-aitheantas uathoibríoch, d'fhéadfadh ualaí riaracháin a bheith i gceist leis sin ar institiúidí, ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus ar fhoghlaimeoirí araon, rud a dhéanfadh difear do rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint chothrom agus ardcháilíochta ar feadh an tsaoil, agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar shoghluaisteacht agus ar shealbhú scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha a theastaíonn maidir leis an bhforbairt phearsanta, shibhialta agus ghairmiúil chomh maith le hinfhostaitheacht fheabhsaithe. Chun go gcoinneoidh agus go bhfeabhsóidh an tAontas Eorpach a bhuntáiste iomaíoch, tá sé ríthábhachtach tairbhe iomlán a bhaint as acmhainneacht LEO, ionas go mbeidh foghlaimeoirí in ann an leas is fearr is féidir a bhaint as gach deis oideachais agus oiliúna ar fud an Aontais.

2. Tá bearta chun trédhearcacht a chothú, agus ar an gcaoi sin muinín a fheabhsú, ríthábhachtach chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch do cháilíochtaí agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear a chur chun cinn san ardoideachas agus in oideachas meánscoile uachtaraí (lena n-áirítear oideachas ginearálta agus gairmoideachas agus gairmoiliúint araon). Tá cur chun feidhme rathúil an aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch ag brath ar dhlús a chur leis an dul chun cinn atá déanta laistigh de LEO agus de Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) agus ar an dul chun cinn sin i dtreo níos mó trédhearcachta agus muiníne a chothú.

3. D'oibrigh na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach le chéile ar bhealach rathúil chun sraith ionstraimí a chur ar fáil, agus rinneadh céimeanna suntasacha i bPróiseas Bologna chun bosca uirlisí a chur ar fáil do na Ballstáit chun go mbeidh an t-aitheantas frithpháirteach uathoibríoch ina fhéidearthacht phraiticiúil san ardoideachas. Áirítear ar na huirlisí sin, i measc rudaí eile, na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais, an Forlíonadh Dioplóma, an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR), an córas ardoideachais trí thimthriall agus an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS).

4. Rinneadh céimeanna tábhachtacha freisin i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, lena n-áirítear trí Phróiseas Chóbanhávan agus go háirithe tríd an gCreat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET).

5. Tá líonra na Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARICeanna) lárnach i gcur chun feidhme an aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch do cháilíochtaí san Eoraip, go háirithe san ardoideachas, ós rud é gur foinse thábhachtach eolais, faisnéise agus dea-chleachtais iad na NARICeanna do na gníomhaithe uile a bhíonn ag déileáil le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch.

6. Le comhaontuithe déthaobhacha, iltaobhacha agus réigiúnacha maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch san Aontas, féadfar muinín agus trédhearcacht a chothú, tacú le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch, agus spreagadh a thabhairt do chomhar Eorpach níos leithne d’fhonn Moladh 2018 a chur chun feidhme.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle i ndáil le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear an 23 Feabhra 2023[2] agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méid seo a leanas go háirithe:

[2] COM(2023) 91 final.

1. Cé nach ionann aitheantas frithpháirteach uathoibríoch do cháilíochtaí agus ligean isteach uathoibríoch ar staidéir bhreise, tá dúshláin ann fós a bhaineann leis an idirdhealú idir incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar staidéir bhreise (i.e. aitheantas) agus ligean isteach ar chúrsa nó ar chlár ar leith. Luaitear sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin, ar an leibhéal institiúideach, go bhféadfadh roinnt cúiseanna a bheith ann maidir leis na dúshláin sin, lena n-áirítear go mbíonn míthuiscint ann go minic maidir le coincheap an aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch agus gur minic a chuirtear aitheantas agus ligean isteach le chéile, rud a fhágann go mbíonn neamhréireachtaí sa phróiseas cinnteoireachta uaireanta. I gcás easpa cur chuige comhsheasmhach maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch, is féidir próisis éagsúla agus casta a bheith mar thoradh air sin a d’fhéadfadh an bonn a bhaint d’aitheantas uathoibríoch éasca, cóir agus trédhearcach do cháilíochtaí.

2. Ní bhíonn treoir ó údaráis náisiúnta ná soláthar córasach oiliúna agus faisnéise ann go forleathan go fóill, i bpáirt mar gheall ar na hacmhainní náisiúnta teoranta atá tiomnaithe do thacú le cur chun feidhme aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch agus NARICeanna. Ina theannta sin, léirítear sa tuarascáil ón gCoimisiún go bhfuil an faireachán córasach ar chleachtais aitheantais san oideachas agus san oiliúint tearcfhorbartha.

3. Tá forbairt níos fearr déanta ar an aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san ardoideachas ná ar leibhéal an oideachais agus na hoiliúna meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, go príomha mar gheall ar an gcreat dá bhforáiltear le huirlisí Bologna. Mar sin féin, cuirtear na huirlisí sin i bhfeidhm go héagothrom, mar shampla i gcás úsáid na faisnéise arna soláthar ag gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta atá cláraithe in EQAR, agus úsáid an Forlíonaidh Dioplóma, lena n-áirítear trí ardán Europass.

4. Tá deacrachtaí ann fós maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bhaint amach tar éis tréimhsí foghlama thar lear do mhic léinn san ardoideachais, i bpáirt mar gheall ar easpa faisnéise agus úsáid theoranta Threoir 2015 d’Úsáideoirí an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna. Cuireann bacainní riaracháin agus braistintí éagsúla maidir le cáilíocht ar an leibhéal dáimhe tuilleadh castachtaí leis an scéal. Cé go bhfuil rún daingean ag institiúidí ardoideachais laistigh de chlár Erasmus+ na creidiúintí a fuarthas le linn tréimhse soghluaisteachta a aithint go hiomlán agus go huathoibríoch, tá an t-aitheantas fós i bhfad ón ngnáthchleachtas.

5. Tá dúshláin fós ann maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, lena dtugtar rochtain ar ardoideachas sa Bhallstát inar eisíodh an cháilíocht, maidir le rochtain ar ardoideachas i mBallstát eile. Tá roinnt cúiseanna leis sin, lena n-áirítear éagsúlacht na gcleachtas agus na ngníomhaithe lena mbaineann agus an úsáid theoranta a bhaintear as na huirlisí atá ar fáil.

6. Ar an gcaoi chéanna, tá an t-aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a thugtar do thorthaí tréimhse foghlama thar lear d'fhoghlaimeoirí oideachais agus oiliúna meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, tá sé fós tearcfhorbartha. Is láidreacht í éagsúlacht na gcóras oideachais agus oiliúna san Aontas Eorpach ach d'fhéadfadh sé a bheith ina dhúshlán sa chomhthéacs sin. Saincheist chasta is ea aitheantas a thabhairt do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear mar gheall, mar shampla, ar an éagsúlacht sin, ar na héagsúlachtaí i nósanna imeachta aitheantais agus ar an easpa creataí comhchoiteanna ar an leibhéal iomchuí sna Ballstáit.

AONTAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, tá an easpa aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch do cháilíochtaí agus torthaí na dtréimhsí foghlama thar lear fós ag cur bac ar shoghluaisteacht foghlama san Aontas.

2. Is ann do spreagadh láidir fós bonn daingean a leagan síos d'aitheantas frithpháirteach uathoibríoch muinínbhunaithe san Aontas. Cuireann aitheantas frithpháirteach uathoibríoch le tarraingteacht na soghluaisteachta foghlama san Eoraip, neartaíonn sé institiúidí oideachais agus oiliúna agus cuireann sé a n-idirnáisiúnú chun cinn. Is é an toradh a bhíonn air freisin go bhfeabhsaítear oideachas agus oiliúint, go bhfoghlaimítear scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha, agus go soláthraítear roghanna níos fearr i margadh an tsaothair. D'fhéadfadh tréimhsí foghlama thar lear a bheith dearfach, saol daoine óga a athrú agus soghluaisteacht bhreise a thabhairt dóibh níos déanaí sa saol. Is féidir leis na tréimhsí sin rannchuidiú le forbairt príomhinniúlachtaí mar shampla an t-ilteangachas, an tsaoránacht agus an fheasacht chultúrtha.

3. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh na gníomhaithe ábhartha uile mór-iarrachtaí cloí le Moladh 2018 agus chun gach beart is gá a chur i bhfeidhm faoi 2025. Níos tábhachtaí fós, tá aitheantas frithpháirteach uathoibríoch ag brath ar na Ballstáit a bheith ag obair le chéile chun muinín fhrithpháirteach agus trédhearcacht a chothú.

4. Ní mór muinín fhrithpháirteach agus trédhearcacht a chothú chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn ionas go seasfaidh bloic thógála LEO agus an Aontais i bhfad na haimsire mar ghníomhaí domhanda san oideachas agus san oiliúint. D'fhéadfadh tionscnaimh LEO, mar shampla tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a bheith ina spreagadh tábhachtach le haghaidh aitheantas frithpháirteach uathoibríoch agus bíonn dearcadh iomlánaíoch de dhíth lena n-aghaidh.

5. Is príomhghné iad an mhuinín agus an trédhearcacht sna córais oideachais agus oiliúna chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a áirithiú. Dá bhrí sin, ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cultúr muiníne agus trédhearcachta a fhorbairt maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch ar gach leibhéal cinnteoireachta, agus urraim chuí á tabhairt don choimhdeacht. Tá ról lárnach ag an dearbhú cáilíochta maidir le dlús a chur le cothú muiníne trí mhodhanna a chur chun suntais agus trí thrédhearcacht a fheabhsú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach leanúint den obair thábhachtach atá déanta cheana féin i gcomhthéacs Phróiseas Bologna agus an Aontais, lena n-áirítear Próiseas Chóbanhávan, maidir le nósanna imeachta aitheantais muinínbhunaithe. Ar mhaithe leis an trédhearcacht agus chun muinín a chothú sa chóras aitheantais, d'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach cúiseanna soiléire a thabhairt do dhaoine aonair maidir le cinntí diúltacha faoi aitheantas chomh maith leis an bhféidearthacht na cinntí sin a achomharc i gcórais na mBallstát faoi seach.

6. Tá ról lárnach ag uirlisí agus tionscnaimh an Aontais maidir le tuilleadh trédhearcachta a fhorbairt agus maidir le nósanna imeachta aitheantais a uathoibriú i gcoitinne. Áirítear orthu sin an clár Erasmus+ agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), rud a chabhraíonn le trédhearcacht, inchomparáideacht agus iniomparthacht cáilíochtaí a fheabhsú. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach na creataí náisiúnta cáilíochtaí a choinneáil cothrom le dáta maidir le EQF.

7. Tá sé tábhachtach díriú ar phróisis digiteála agus ar úsáid uirlisí digiteacha[3] lena gcumasaítear barántúlacht na gcáilíochtaí a fhíorú níos éasca agus, ag an am céanna, lenar féidir calaois a chosc go héifeachtúil, chomh maith leis na huirlisí a fhorbraítear faoin gclár Erasmus+. I dteannta na bhForlíontaí Dioplóma agus an bhunachair sonraí Q-Entry, is féidir luach breise a bheith ag baint leis na huirlisí sin trí chostais agus ualach riaracháin a laghdú.

8. Sa bhreis ar leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil, tá sé ríthábhachtach muinín a chothú, a choinneáil agus a fhorbairt a thuilleadh idir na baill foirne atá páirteach sa phróiseas cinnteoireachta chomh maith leis an oiliúint ábhartha a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh an t-eolas agus an tuiscint is gá acu ar na huirlisí agus na creataí ábhartha le haghaidh aitheantais agus na scileanna chun iad a úsáid go hiomchuí. Ós rud é gur minic a dhéantar cinntí ar an leibhéal institiúideach nó ar an leibhéal áitiúil, is féidir ról lárnach a bheith ag forbairt an chaidrimh idir múinteoirí, oiliúnóirí, foghlaimeoirí, ceannairí agus riarthóirí maidir le féidearthacht phraiticiúil a dhéanamh d’aitheantas frithpháirteach uathoibríoch. Dá gcumasófaí rannpháirtíocht aonair i dtionscadail chomhair thrasnáisiúnta agus sa tsoghluaisteacht do gheallsealbhóirí, mar shampla múinteoirí, oiliúnóirí agus ceannairí, d’fhéadfadh sé tionchar dearfach a bheith aige maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn.

[3] Mar shampla na Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim, Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra, teimpléad Soghluaisteachta Europass agus Forlíonadh Teastais Europass (mar chuid den ardán Europass), chomh maith le cláir náisiúnta cáilíochtaí atá mapáilte ar an ardán Europass, agus an Bunachar Sonraí ar Thorthaí um Dhearbhú Cáilíochta Seachtrach.

9. Tá sé bunriachtanach go mbeidh na hinstitiúidí ardoideachais, agus soláthraithe oideachais agus oiliúna meánscoile uachtaraí ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta, a bheith neamhspleách chun LEO rathúil a chruthú. Ag an am céanna, le cur chuige comhsheasmhach náisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch i gcomhréir le Moladh 2018 agus le faireachán ar aitheantas ar an leibhéal náisiúnta, laghdófaí castacht agus éagsúlacht neamhriachtanach sna cineálacha cur chuige. D’fhéadfadh sé sin intuarthacht a fheabhsú agus, ag an am céanna, an t-ualach riaracháin agus airgeadais d’údaráis agus foghlaimeoirí a laghdú. Is féidir ról lárnach a bheith sna hiarrachtaí ag rannpháirtíocht na ngníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear institiúidí ardoideachais, NARICeanna, gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta agus Pointí Comhordúcháin Náisiúnta EQF, lena n-áirítear san oiliúint, i soláthar faisnéise, i bhfaireachán agus i bhforbairt treorach náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an bpiarfhoghlaim maidir le dea-chleachtas a scaipeadh, san ardoideachas agus in oideachas meánscoile uachtaraí agus oiliúint araon, chun cur le cur chuige náisiúnta níos comhsheasmhaí ar fud na mBallstát.

10. Leis an obair a bhaineann le cur chun feidhme an Mholta féadfar dul chun cinn a spreagadh agus a éascú maidir le haitheantas do cháilíochtaí a gnóthaítear lasmuigh den Aontas i gcomhréir le himthosca náisiúnta. I gcomhréir le huirlisí agus creat Phróiseas Bologna agus an Aontais, ba cheart leas iomlán a bhaint as Coinbhinsiún Domhanda UNESCO um Aitheantas do Cháilíochtaí a bhaineann leis an Ardoideachas, ós rud é go n-éascaíonn sé soghluaisteacht idirnáisiúnta mac léinn, go gcuireann sé forbairt na saincheisteanna aitheantais i gcomhthéacs domhanda agus, ar an gcaoi sin, go mbaintear leas as an bhféidearthacht maidir le hidirnáisiúnú an ardoideachais Eorpaigh.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, agus aird chuí á tabhairt ar an neamhspleáchas institiúideach agus ar an tsaoirse acadúil, agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta agus leis an reachtaíocht náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A n-iarrachtaí a chomhdhlúthú agus a threisiú chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama thar lear a bhaint amach ina gcórais oideachais agus oiliúna faoi seach, i gcomhréir le Moladh 2018 ón gComhairle.

2. An meon a bhunú go n-aithnítear le haghaidh cáilitheacht chun rochtain a fháil ar ardoideachas, go huathoibríoch, cáilíocht lena dtugtar rochtain ar leibhéal áirithe ardoideachais sa Bhallstát inar bronnadh é ar an leibhéal céanna i mBallstát eile, gan dochar a dhéanamh don cheart atá ag institiúid ardoideachais critéir shonracha iontrála a leagan síos do chláir shonracha, ionas go mbeidh soghluaisteacht ag saoránaigh ar fud an Aontais.

3. Tacú le hinstitiúidí ardoideachais aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear i Moladh 2018 ón gComhairle, lena n-áirítear trí threoir shoiléir agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil. I gcás ina bhfuil institiúidí ardoideachais freagrach as aitheantas frithpháirteach uathoibríoch, tacú leo chun cineálacha cur chuige comhsheasmhacha náisiúnta a éascú.

4. A áirithiú gur gníomhaireachtaí neamhspleácha um dhearbhú cáilíochta atá cláraithe le EQAR agus atá ag feidhmiú i gcomhréir leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte Eorpacha (ESG) a dhéanfaidh an dearbhú cáilíochta seachtrach san ardoideachas, chun trédhearcacht a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin muinín fhrithpháirteach san aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chothú.

5. I gcomhthéacs an oideachais meánscoile uachtaraí agus na hoiliúna, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, díriú ar thorthaí foghlama agus leanúint d’ionstraimí um dhearbhú cáilíochta atá ann cheana a fhorbairt i gcomhréir le EQAVET, chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí agus torthaí tréimhsí foghlama thar lear a chumasú.

6. Sineirgí a chothú laistigh de EHEA agus LEO chun a áirithiú go dtreiseoidh siad a chéile go frithpháirteach, chun timpeallachtaí trédhearcacha agus éifeachtúla do phróisis aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríocha a chur chun cinn.

7. Sa chomhthéacs sin, a áirithiú go mbainfear lántairbhe as uirlisí Phróiseas Bologna agus uirlisí an Aontais, de réir mar is iomchuí, chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a éascú san ardoideachas. I réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a éascú faoi raon feidhme Mholadh 2018 trí úsáid a bhaint as ionstraimí Phróiseas Chóbanhávan, de réir mar is iomchuí. Áirítear ar na huirlisí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna, Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta, an Bunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh, an Creat Eorpach um Cháilíochtaí, an bunachar sonraí Q-Entry, Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don fhoghlaim, an tSamhail Foghlama Eorpach, Europass, an forlíonadh dioplóma, Cairt Ardoideachais Erasmus, Forlíonadh Soghluaisteachta Europass, Forlíonadh Teastais Europass agus tionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh, chomh maith le huirlisí eile a forbraíodh le tacaíocht ó chlár Erasmus+ agus uirlisí a thagann ó Phróiseas Bologna.

8. Comhoibriú ar leibhéal an Aontais chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun tacú leis an bpiarfhoghlaim agus le malartú faisnéise chun muinín agus trédhearcacht a chothú i measc na gcóras oideachais agus oiliúna agus chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san ardoideachas a threisiú, lena n-áirítear trí chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, agus in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear trí na hIonaid Barr Feabhais Gairme.

9. Tacú le faisnéis ábhartha maidir le nósanna imeachta aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríocha a chur chun cinn agus a scaipeadh ar na gníomhaithe agus na geallsealbhóirí ábhartha uile, mar shampla foghlaimeoirí, institiúidí ardoideachais, soláthraithe oideachais agus oiliúna meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARICeanna) agus gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta. Leis an méid sin beidh ar chumas na saoránach agus foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar na féidearthachtaí a thugann aitheantas frithpháirteach uathoibríoch dóibh maidir le staidéar a dhéanamh thar lear agus tacófar le cur chuige comhsheasmhach ó na húdaráis aitheantais inniúla.

10. Machnamh a dhéanamh, sa chomhthéacs sin, aitheantas a thabhairt don réamhfhoghlaim agus don tréscaoilteacht idir earnálacha an oideachais agus na hoiliúna, go háirithe aistrithe idir gairmoideachas agus gairmoiliúint agus an t-ardoideachas, más infheidhme agus na leibhéil oideachais á gcur san áireamh, chun sáinneacha a sheachaint agus chun é a dhéanamh níos éasca lántairbhe a bhaint as deiseanna soghluaisteachta.

11. Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do NARICeanna agus féachaint ar bhealaí iomchuí chun faireachán agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar chórais aitheantais, agus úsáid á baint as saineolas NARICeanna agus comhlachtaí agus institiúidí inniúla eile i gcás inarb ábhartha, le fáil amach an bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise.

12. Comhar a spreagadh idir cinnteoirí maidir le haitheantas agus NARICeanna chun neamhréireachtaí a sheachaint agus chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus chun uirlisí agus ionstraimí atá bunaithe a chur i bhfeidhm i gceart. Chuige sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach féinmheastóireacht agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar NARICeanna i gcomhréir le córas dearbhaithe cáilíochta deonach líonraí ENIC-NARIC.

13. Páirt a ghlacadh i gcomhar trasteorann a bheidh muinínbhunaithe, flaithiúil agus chun tairbhe do chách chun deiseanna soghluaisteachta a fheabhsú agus chun tacú leo, go háirithe tréimhsí foghlama fadtéarmacha thar lear in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí. Ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun malartuithe idir baill foirne, institiúidí, údaráis agus gníomhaithe ábhartha eile a éascú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart úsáid níos mó a bhaint as clár Erasmus+ agus as cistí agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais le haghaidh comhar agus malartuithe feabhsaithe.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, agus aird chuí á tabhairt ar an gcoimhdeacht agus ar na himthosca náisiúnta, lena n-áirítear neamhspleáchas institiúideach, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tacú leis na Ballstáit agus oibriú leo, lena n-áirítear i gcomhthéacs Phróiseas Bologna agus Phróiseas Chóbanhávan, tríd an gcomhar agus an fhoghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn maidir leis na bealaí is fearr chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun feidhme san ardoideachas agus in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, go háirithe maidir leis na réimsí sin ina bhfuil dúshláin ann fós, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe do ghníomhaithe agus geallsealbhóirí nuair is ábhartha.

2. Machnamh a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar bhealaí chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama thar lear san ardoideachas agus in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí a chur chun feidhme. Ba cheart é a bheith mar chuspóir dea-chleachtais a chur chun cinn agus soláthar na hoiliúna agus na tacaíochta piaraí a éascú do na Ballstáit agus do sholáthraithe oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear múinteoirí agus oiliúnóirí nuair is iomchuí. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht sin le saineolas líonra NARIC agus go mbeadh baint ag gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus comhlachtaí agus institiúidí inniúla eile leis nuair is ábhartha. Sa chomhthéacs sin, féachaint ar an gcaoi ar féidir saineolas NARICeanna a úsáid chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí, san oideachas ginearálta agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, i gcás inarb ábhartha.

3. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, lena n-áirítear NARICeanna, trí chlár Erasmus+, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus trí chláir agus ionstraimí maoinithe eile de chuid an Aontais d'fhonn an obair ar aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn. Ina theannta sin, tacú leis na Ballstáit agus úsáid á baint acu as uirlisí atá ann cheana chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a fhorbairt a thuilleadh san ardoideachas agus in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí, agus i bhforbairt bealaí coiteanna le haghaidh faisnéise agus malartuithe dea-chleachtais.

4. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do phróiseas athbhreithnithe piaraí an Chreata Tagartha Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta (EQAVET) ar leibhéal chóras an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna d'fhonn muinín agus trédhearcacht a threisiú agus, ar an gcaoi sin, aitheantas frithpháirteach uathoibríoch idir na Ballstáit a chothú.

5. Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh chun tacú leis na Ballstáit aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bhaint amach san ardoideachas agus in oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le tionscnaimh straitéiseacha an Limistéir Eorpaigh Oideachais atá le moladh faoi 2025, i gcomhréir leis na huirlisí, na struchtúir agus na creataí atá ann cheana, tacú le baint amach na spriocanna a leagtar amach i Moladh an 26 Samhain 2018, agus go háirithe an chaoi is féidir na tionscnaimh sin a úsáid chun muinín agus trédhearcacht a chur chun cinn.

**An cúlra polaitiúil**

1. Rún ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 maidir le comhar feabhsaithe Eorpach a chur chun cinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, IO C 13, 18.1.2003, lch. 2.

2. Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/17 REV 1).

3. Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

4. Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí IO C 389, 18.11.2019, lch. 1.

5. Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, IO C 417, 2.12.2020, lch. 1.

6. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030) IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.

7. Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas, IO C 160, 13.4.2022, lch. 1.

8. Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.